C/2025/6777

23.12.2025

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2025/6777)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Arabako Txakolina / Txakoli de Álava / Chacolí de Álava'

Uimh. thagartha AE: PDO-ES-A0732-AM03 — 27.11.2025

1. **Ainm an táirge**

'Arabako Txakolina / Txakoli de Álava / Chacolí de Álava'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

☐ TG

3. **Earnáil**

☐ Táirgí talmhaíochta

☑ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

An Spáinn

5. **Údarás an Bhallstáit a bhfuil an leasú caighdeánach á chur in iúl aige**

Ainm

An Aireacht Talmhaíochta, Iascaigh agus Bhia. Ard-Stiúrthóireacht um Bia. Fo-Ardstiúrthóireacht um Rialú Cáilíochta Bia agus um Shaotharlanna Agraibhia.

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Measann an t-údarás inniúil gur leasú caighdeánach é an leasú sin ar shonraíocht táirge ATFC Arabako Txakolina / Txakoli de Álava / Chacolí de Álava; ní féidir é a mheas mar leasú ar leibhéal an Aontais ós rud é nach gcomhfhreagraíonn sé d'aon cheann de na cásanna dá dtagraítear in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 maidir le tásca geografacha. Go sonrach, níl an méid seo a leanas i gceist leis: athrú ar ainm ná ar úsáid an ainm, ná ar chatagóir an táirge nó na dtáirgí arna n-ainmniú leis an tásc geografach; an baol dá dheasca go gcuirfí an nasc leis an limistéar geografach ar neamhní; srianta breise ar mhargú an táirge.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

Ceannteideal

SONRAÍODH CATAGÓIRÍ NA dTÁIRGÍ FAOI CHOSAINT

Tuairisc

Cuireadh an méid seo a leanas isteach mar an chéad abairt sa tuairisc ar na fíonta: 'Catagóir 1 - Fíon (geal, rosé, dearg, Berezia geal, Berezia rosé, agus Berezia dearg)'. Sonraítear leis sin go mbaineann na fíonta le catagóir 1, i gcomhréir le hIarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 (CEM), agus sonraítear na cineálacha.

Baineann an leasú le pointe 2 den tsonraíocht táirge agus ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair ós rud é go bhfuil catagóir 1 sonraithe ann cheana féin.

☐ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

LEASÚ AR AN TUAIRISC ANAILÍSEACH AGUS ORGÁNAILEIPTEACH AR NA FÍONTA

Tuairisc

Baineadh an cineál fíona atá 'geal agus a choiptear i mbairille' den tuairisc, agus cuireadh na cineálacha seo a leanas isteach: 'Berezia blanco' [geal], 'Berezia rosado' [rosé] agus 'Berezia tinto' [dearg]. Leagadh síos teorainneacha anailíseacha na bhfíonta sin agus tuairisc orgánaileipteach orthu.

Níl na fíonta geala, rosé agus dearga tirim go heisiach a thuilleadh, toisc gur tugadh isteach cineálacha leath-thirim, leathmhilse agus milse, as a dtáinig na hathruithe seo a leanas ar na teorainneacha anailíseacha:

— sna fíonta geala agus rosé, méadaíodh aigéadacht luaineach uasta na bhfíonta milse agus leathmhilse go 1,08 g/l (18 milleachoibhéis in aghaidh an lítir); agus is é 240 mg/l an t-uasmhéid dé-ocsaíde sulfair anois i bhfíonta ina bhfuil níos mó ná 5 g/l siúcraí.

— sna fíonta dearga, méadaíodh aigéadacht luaineach uasta na bhfíonta milse agus leathmhilse go 1,2 g/l (20 milleachoibhéis in aghaidh an lítir); agus is é 180 mg/l an t-uasmhéid dé-ocsaíde sulfair i bhfíonta ina bhfuil níos mó ná 5 g/l siúcraí.

Cuireadh an tuairisc orgánaileipteach ar na trí chineál nua san áireamh.

Baineann an leasú seo le pointe 2 den tsonraíocht táirge agus le pointe 6 den doiciméad aonair.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

ATHRÚ AR CHÉATADÁN NA BHFÍONCHAOR DEARG I BHFÍONTA ROSÉ

Tuairisc

Tháinig laghdú ó 50 % go 30 % ar chéatadán na bhfíonchaor dearg ó na cineálacha a mholtar a úsáid chun na fíonta rosé a dhéanamh.

Déanann an leasú sin difear do phointe 3.1 den tsonraíocht táirge agus do phointe 7.1 den doiciméad aonair.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

CLEACHTAIS TÁIRGTHE LE HAGHAIDH NA gCINEÁLACHA FÍONA NUA

Tuairisc

Tugtar tuairisc ar na cleachtais táirgthe le haghaidh na dtrí chineál nua fíona ar a dtugtar 'Berezia'. Tá na cleachtais táirgthe le haghaidh na bhfíonta atá 'coipthe i mbairille' bainte anois freisin.

Leasaíodh pointe 3.2 den tsonraíocht agus pointe 7.1 den doiciméad aonair.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

ATHRUITHE AR AN TÁIRGEACHT ÚSCTHA

Tuairisc

Athraíodh an uastáirgeacht úsctha, agus cuireadh '70 lítear fíona in aghaidh 100 kg fíonchaor' in ionad na foclaíochta '70 heictilítear fíona in aghaidh an heicteáir'.

Leasaíodh pointe 5 den tsonraíocht táirge agus pointe 7.2 den doiciméad aonair.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

CINEÁLACHA NUA A CHUR ISTEACH

Tuairisc

Cuireadh Pinot Noir agus Cabernet Franc isteach mar chineálacha údaraithe. Tá teorainn leis an achar dromchla ina bhfuil siad, mar is amhlaidh i gcás gach cineáil údaraithe.

Leasaíodh pointí 3.1 agus 6 den tsonraíocht táirge agus pointí 7.1 agus 8 den doiciméad aonair.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

SEICEÁLACHA FEABHSAITHE

Tuairisc

Chun feabhas a chur ar inrianaitheacht an táirgthe, cuireadh clár nua de chuid Bhord Rialála an ATFC isteach: 'Clár soithí agus dabhcha atá déanta as adhmad mín nó as ábhair eile'.

Baineann an leasú sin le pointe 8.c.3 den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

☐ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

FÍONTA EILE

Tuairisc

Ba chuid den tsonraíocht táirge í cheana féin an fhéidearthacht an t-ainm geografach 'Álava' a úsáid le haghaidh fíonta a dhéantar as fíonchaora ró-aibí ar a bhfuil an téarma 'buaint dhéanach', agus le haghaidh fíonta súilíneacha.

Tá ceanglais, teorainneacha anailíseacha agus an tuairisc orgánaileipteach tugtha isteach anois le haghaidh an dá chatagóir fíona sin.

Baineann an leasú sin le pointe 8.c.3 den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

☐ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

FEABHSUITHE A DHRÉACHTÚ AGUS SONRAÍ ÁIRITHE A THABHAIRT COTHROM LE DÁTA

Tuairisc

Tugadh tagairtí reachtacha cothrom le dáta. I gceartúchán, cuireadh 'pacáistiú' in ionad 'buidéalú' toisc go gceadaíonn ATFC pacáistiú seachas buidéalú. I gceartúchán, cuireadh 'sonraíocht táirge' in ionad 'Rialachán' (an seanainm le haghaidh na rialacha is infheidhme maidir le ATFC). Tugadh mionsonraí an údaráis inniúil agus an chomhlachta tarmligthe cothrom le dáta. Scriosadh ról an Bhoird Rialála maidir le seiceálacha a dhéanamh. Cuireadh feabhas ar an dréachtú.

Leasaíodh pointí 8 agus 9 den tsonraíocht táirge agus pointe 11 den doiciméad aonair.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le fíon

‘Arabako Txakolina / Txakoli de Álava / Chacolí de Álava’

Uimh. thagartha AE: PDO-ES-A0732-AM03 — 27.11.2025

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

‘Arabako Txakolina / Txakoli de Álava / Chacolí de Álava’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

☐ TG

3. **Tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

An Spáinn

4. **Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir le ceannteideal agus cód na hAinmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143**

2204 - Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

5. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna mar a liostaítear i gCuid II d’Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013**

1. Fíon

6. **Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonta**

Táirge fíniúna

Fíonta geala agus rosé

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

GEAL

Dath idir éadrom agus scothghlas agus buí na tuí, glé agus geal, d’fhéadfadh beagán dé-ocsaíde carbóin nádúrtha a bheith le feiceáil.

ROSÉ

Dath idir terracotta éadrom agus dath an bhradáin, glé agus geal, d’fhéadfadh beagán dé-ocsaíde carbóin nádúrtha a bheith le feiceáil.

Dea-bholadh

GEAL

Déine dhea-bholaidh mheasartha le blasanna torthaíocha den chuid is mó (úll glas, torthaí trópaiceacha agus citris) agus bolaithe éadroma bláthanna agus luibheanna.

ROSÉ

Déine dhea-bholaidh mheasartha le blasanna torthaíocha den chuid is mó (úll glas, torthaí trópaiceacha agus citris), torthaí dearga (torthaí foraoise agus silíní) agus bolaithe éadroma bláthanna agus luibheanna.

Blas

GEAL

Úire thosaigh sa bhéal, beagán aigéadach ag dul tríd, agus priocadh éadrom ar bharr na teanga. Tá dea-bholaithe torthaíocha den chuid is mó ar an iarbhlas. Tá sé de mheánfhad, b’fhéidir le hiarbhlas beagán searbh.

ROSÉ

Úire thosaigh sa bhéal, beagán aigéadach ag dul tríd, agus priocadh éadrom ar bharr na teanga. Tá dea-bholaithe torthaíocha den chuid is mó ar an iarbhlas. Tá sé de mheánfhad, b'fhéidir le hiarbhlas beagán searbh.

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe orgánaileipteacha

-

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	15
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	9,5
Aigéadacht iomlán íosta:	3,5
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i ngram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	-
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	-

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

Aigéadacht luaineach < 0,8 g/l ach amháin i gcás fíonta geala agus rosé atá milis agus leathmhilis, arb é 1,08 g/l an teorainn dóibh (18 milleachoibhéis in aghaidh an lítir).

Dé-ocsaíd sulfair < 180 mg/l le haghaidh fíonta ag a bhfuil méid siúcra faoi bhun 5 g/l, agus < 240 mg/l le haghaidh fíonta ag a bhfuil méid siúcra 5 g/l nó níos mó.

☑ Tá aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Fíonta dearga

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Dath caordhearg dubh le himireacha gléineacha corcairghorma agus corcra, d'fhéadfadh beagán dé-ocsaíde carbóin nádúrtha a bheith le feiceáil.

Dea-bholadh

Dea-bholadh dian agus torthaíoch le blasanna cistine-gairdín den chuid is mó (piobar glas agus torthaí beaga foraoise) agus bolaithe éadroma bláthanna agus luibheanna.

Blas

Úire thosaigh sa bhéal, beagán aigéadach ag dul tríd, agus priocadh éadrom ar bharr na teanga. Tá dea-bholaithe torthaíocha den chuid is mó ar an iarbhlas. Tá sé de mheánfhad, b'fhéidir le hiarbhlas beagán searbh.

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe orgánaileipteacha

-

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	15
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	9,5
Aigéadacht iomlán íosta:	3,5
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i ngram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	-
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	-

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

Aigéadacht luaineach < 0,8 g/l ach amháin i gcás fíonta dearga milse agus leathmhilse, arb é 1,2 g/l an teorainn dóibh (20 milleachoibhéis in aghaidh an lítir).

Dé-ocsaíd sulfair iomlán < 140 mg/l le haghaidh fíonta ag a bhfuil méid siúcra faoi bhun 5 g/l, agus < 180 mg/l le haghaidh fíonta ag a bhfuil méid siúcra 5 g/l nó níos mó.

☑ Tá aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Fíon Geal Berezia

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

D'fhéadfadh imireacha óir níos doimhne a fhorbairt sa dath mar thoradh ar aibiú níos faide na bhfíonchaor nó ar aosú i soithí éagsúla.

Dea-bholadh

Braistint shoiléir ar na dea-bholaithe príomha a dtugtar tuairisc orthu le haghaidh an chineáil fíona bháin úir, cumaiscthe le dea-bholaithe treasacha éagsúla a eascraíonn as na próisis aosaithe éagsúla a úsáidtear san ainmniúchán. I measc na ndea-bholaithe sin tá spíosra, balsamach, cnónna, bolaithe toite, patisserie, arán, bolaithe déiríochta, tósta agus mianraí.

Blas

Beagán aigéadach, comhtháite go maith leis na blasanna treasacha ó aosú.

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe orgánaileipteacha

-

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	-
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	11,5
Aigéadacht iomlán íosta:	6,0
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i ngram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	13,33
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	180

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

-

☑ Tá aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Fíon Rosé Berezia

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

D'fhéadfadh imireacha ar dhath an bhradáin a bheith le feiceáil ag an imeall le haois.

Dea-bholadh

Dea-bholaithe príomha a thuairiscítear le haghaidh fíonta úra, cumaiscthe le dea-bholaithe treasacha aosaithe: spíosra, balsamach, cnónna, bolaithe toite, patisserie, arán, bolaithe déiríochta, tósta agus mianra.

Blas

Beagán aigéadach, comhtháite go maith leis na blasanna treasacha ó aosú.

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe orgánaileipteacha

-

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	-
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	11,5
Aigéadacht iomlán íosta:	5,0
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i ngram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	13,33
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	180

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

-

☑ Tá aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge finiúna

Fíon Dearg Berezia

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

D'fhéadfadh imireacha ar dhath an ghairnéid, imireacha caordhearga terracotta a bheith le feiceáil ag an imeall le haois.

Dea-bholadh

Comhchuí idir dea-bholaithe príomha a thuairiscítear le haghaidh txakoli úr agus dea-bholaithe treasacha ó aosú: spíosra, balsamach, cnónna, bolaithe toite, patisserie, arán, bolaithe déiríochta, tósta agus mianra.

Blas

Tainniní blasta, struchtúr measartha.

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe orgánaileipteacha

-

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	-
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	11,5
Aigéadacht iomlán íosta:	4,0
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i ngram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	13,33
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	140

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

Le neart alcóil os cionn 13 %, suíodh an aigéadacht luaineach uasta mar 1,20 g/l (20 meq/l) arna sloinneadh mar aigéad aicéiteach.

☑ Tá aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

7. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

7.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha a úsáidtear chun an fíon nó na fíonta a dhéanamh, srianta ábhartha maidir lena ndéanamh*

Cleachtais fhíoneolaíocha

-

Cineál cleachtais fhíoneolaíoch

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Tuairisc

Ní mór na fíonta txakolis a chuirtear ar an margadh leis an téarma 'Berezia' a choipeadh agus a chlaochlú ó úrfhíon go fíon i soithí nó i ndabhcha d'ábhair éagsúla amhail adhmad mín, ceirmeach nó stroighin.

Cleachtais fhíoneolaíocha

-

Cineál cleachtais fhíoneolaíoch

Srian ábhartha ar dhéanamh na bhfíonta

Tuairisc

Spreagfaidh an Bord Rialála cineálacha molta a phlandáil. Tá achar dromchla teoranta ag na cineálacha údaraithe seo a leanas: Izkiriota/Gros Manseng, Izkiriota Ttippia/Petit Manseng, Sauvignon Blanc, Riesling, Chardonnay, Pinot Noir agus Cabernet Franc. Ina n-iomláine, ní féidir leo a bheith lonnaithe ar níos mó ná 20 % d'achar dromchla na bhfíonghort atá á mbainistiú ag gach fíonlann chláraithe chun an fíon cosanta a dhéanamh.

Tá íosmhéid 30 % de na fíonchaora a úsáidtear chun na fíonta rosé a dhéanamh den chineál dearg a mholtar sa tsonraíocht táirge seo.

Féadfaidh an Bord Rialála uisciú na bhfíniúnacha a údarú i gcás ina n-éilítear sin sna dálaí agranamaíocha chun aire cheart a thabhairt don cheannbhrat, mar gheall ar mhóreaspa báistí. Leagann an Bord Rialála síos na coinníollacha agus na moltaí gaolmhara, le spriocdhátaí maidir le cur chun feidhme.

Maidir le táirgeadh fíonta a chuirtear ar an margadh agus ainm cineáil aonair orthu, ní féidir ach cineálacha fíniúna molta a úsáid, agus ní mór 85 % ar a laghad de na fíonchaora a úsáidtear a bheith de na cineálacha sin.

7.2. *Uastáirgeacht*

Gach fíon / catagóir / cineál / cineál

LE hAGHAIDH NA bhFÍONTA UILE

Uastáirgeacht:

Uastáirgeacht:	13 000
Aonad uastáirgeachta:	cileagraim d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

Gach fíon / catagóir / cineál / cineál

LE hAGHAIDH NA bhFÍONTA UILE

Uastáirgeacht:

Uastáirgeacht:	91
Aonad uastáirgeachta:	heictilítear in aghaidh an heicteáir

8. **Léiriú ar an gcineál nó cineálacha fíonchaor óna dtáirgtear an fíon nó na fíonta**

— CABERNET FRANC

— CHARDONNAY

— GROS MANSENG

— HONDARRABI BELTZA - ONDARRABI BELTZA

— HONDARRABI ZURI - ONDARRABI ZURI

— PETIT COURBU

— PETIT MANSENG

— PINOT NOIR

— RIESLING

— SAUVIGNON BLANC

9. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach sainithe**

Is éard atá sa limistéar talamh atá suite sna bardais seo a leanas: Amurrio, Artziniega, Ayala/Aiara, Laudio/Llodio agus Okondo. Measann an Bord Rialála agus an t-údarás ábhartha go bhfuil na limistéir sin oiriúnach chun na cineálacha fíniúna molta agus údaraithe a tháirgeadh, leis an gcáilíocht is gá chun fíonta a tháirgeadh ag a bhfuil saintréithe sonracha na bhfíonta atá faoi chosaint ag an ATFC, agus atá cláraithe amhlaidh.

10. **Nasc leis an limistéar geografach**

Catagóir an táirge fíniúna

1. Fíon

Achoimre ar an nasc

Tarlaíonn an táirgeadh sa chuid thuaidh de Araba, agus cineálacha fíniúna oiriúnaithe d'ithir atá beagán aigéadach agus d'aeráid an Atlantaigh. Leis an aeráid sin táirgtear fíonchaora ag a bhfuil neart alcóil 12° agus tréithe fisiceacha, ceimiceacha agus orgánaileipteacha atá oiriúnach do cháilíocht an fhíona. Tá nasc díreach idir meánlíon bliantúil sholas na gréine de 12,11 uair an chloig ó mhí Aibreáin go mí Dheireadh Fómhair, agus an neart alcóil, aigéadacht agus leibhéal searbhais. Cuidíonn an meánlíon de 170 lá de ghaotha ó dheas leis an gceannbhrat a aerú. Leis an meánteocht 13,1 °C, le meánteocht uasta 18,7 °C agus meánteocht íosta 7,5 °C, táirgtear fíonta cruinne a bhfuil aigéadacht íseal acu, agus blasanna citris agus luibheanna orthu.

11. **Tuilleadh ceanglas is infheidhme**

Teideal an cheanglais / an mhaolaithe

PACÁISTIÚ

Creat dlíthiúil:

Sa reachtaíocht náisiúnta

An cineál ceanglais / maolaithe breise

Pacáistiú laistigh den limistéar geografach sainithe

Tuairisc ar an gceanglas / maolú

Ní mór fíonta a chumhdaítear leis an ainmniúchán a phacáistiú agus a lipéadú go heisiach sna fíonlanna cláraithe atá údaraithe ag an mBord Rialála. Tá údar leis sin toisc go bhfuil nós imeachta rialaithe bunaithe ag an mBord maidir le cainníocht agus cáilíocht an fhíona, ó tháirgeadh go cur ar an margadh. Baineann iompar agus oibríochtaí eile amhail scagadh, gléghlanadh agus fuarú a d'fhéadfadh saintréithe an fhíona a athrú le pacáistiú lasmuigh den limistéar táirgeachta.

Teideal an cheanglais / an mhaolaithe

LIPÉADÚ

Creat dlíthiúil:

Sa reachtaíocht náisiúnta

An cineál ceanglais / maolaithe breise

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gceanglas / maolú

Leathnaítear cosaint ainm an ainmniúcháin chuig a theaglamaí éagsúla, agus chuig ainmneacha na gceantar, na ndúichí agus na n-áiteanna sa limistéar táirgeachta, ullmhúcháin agus lipéadaithe, atá nasctha leis na focail 'Txakoli', 'Chacolí', 'Chacolin', 'Txakolin' agus 'Txakolina'. Údaraíonn an Bord lipéid uimhrithe agus lipéid thánaisteacha sula n-úsáidtear iad.

Tagairt leictreonach (URL) d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://www.euskadi.eus/contenidos/informacion/dop_txakoli_araba/es_dapa/adjuntos/Pliego-Arabako-Tx-20241219-consolidado.pdf